

# AN PLEAN UM INBHUANAITHEACHT AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

## 2023-2028

COLÁISTE NA HOLLSCOILE, CORCAIGH

CAMPAS **GLAS** COC

# Clár Ábhair


**Réamhrá** 1

**Fís, Misean agus Spriocanna** 2

**Cúlra, Struchtúir agus Príomhréimsí** 3

**An Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide** 4

1. Taighde 6
2. Foghlaim agus Teagasc 7
3. Gníomhú ar son na hAeráide 8
4. Saoránacht Inbhuanaitheachta 9
5. Bia, Sláinte agus Leas 10
6. Tírdhreach, Oidhreacht agus Acmhainní Nádúrtha 11
7. Laghdú Dramhaíola agus Geilleagar Ciorclach 12
8. Soláthar agus Conarthaí 13
9. Comaitéireacht agus Taisteal Gníomhach 14

**Monatóireacht agus Tuairisciú** 15









# Réamhrá

Tá an dúshlán is suntasaí a bhí riamh ann ina stair roimh ár bpláinéad. I mbeagán focal, mura n-athraíonn an tsochaí na bearta sin a théann i bhfeidhm ar ár gcomhshaol, leanfar ar aghaidh leis na hathruithe uafásacha maidir lenár modh maireachtála. Tá sé de dhualgas ar na hollscoileanna gníomhú. Ceannairí todhchaí a spreagadh sa tslí go mbeidh an inbhuanaitheacht fréamhaithe ina n-intinn. Taighde a spreagadh ar aidhm leis todhchaí inbhuanaitheach a chruthú do chách. Ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) táimid mórtasach gur sinne príomhollscoil na hÉireann ó thaobh bheith tiomanta do chruthú na todhchaí inbhuanaithí seo.

Níos mó ná deich mbliana ó shin, in éineacht lenár gcuid mac léinn, leagamar síos treo uaillmhianach le cinntiú go raibh ár gcuid foghlama agus teagaisc, taighde agus oibríochtaí dírithe ar bheith ag tógáil domhain níos fearr. Is ann don Phlean seo um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide a bhuíochas sin do na daoine sin a chinntigh go n-aithnítear COC inniu mar cheann de phríomhollscoileanna an domhain mar gheall ar na bearta a chuirimid i gcrích chun ár gcomhshaol agus ár sochaí a chosaint.

Cuireann ár gCoiste Campais Ghlais (CCG), atá i bhfeidhm ó bhí 2007 ann, agus ár bhFóram Glas (FG), a bunaíodh i 2013, ar chumas ár mac léinn agus ár gcuid foirne bheith ag obair le chéile chun ár bhfócas ar an inbhuanaitheacht a spreagadh ar fud na hinstitiúide agus le bheith ag tógáil ar an obair a cuireadh i gcrích go dtí seo. Forbraíodh an Plean tar éis dúinn bheith i mbun comhairliúcháin ar feadh i bhfad leis na baill foirne agus leis na mic léinn, an dá imeacht Tionóil Aeráide againn san áireamh. Tacaíonn sé le Plean Straitéiseach na hOllscoile "Go Buan Feasta (2023-28)", go háirithe Sprioc 5: "Ár nÁit, Lorg ár gCos".

Bhí mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean seo bunú Oifige um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide COC laistigh d´Oifig an Uachtaráin ag COC. Is í an oifig seo agus a cuid foirne a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán orthu as cur i bhfeidhm an Phlean, ag tuairisciú agus ag tabhairt le fios a chuid aschur. Comhordóidh sí tionscnaimh agus cláir thrasollscoile ar aidhm leo go mbeadh éiteas na hinbhuanaitheachta fite fuaite sa champas ar fad.

Tacófar leis an bplean ag an gcumas suntasach taighde agus teagaisc i réimse na hinbhuanaitheachta ar fud na hOllscoile, fite fuaite i gcur chuige uile-ollscoile trí Inbhuanaitheacht Todhchaíochtaí COC. Clúdaíonn an plean seo tréimhse cúig bliana 2023-28 agus is é ár dtreo institiúideach é maidir le conas a bhainfimid amach spriocanna suntasacha, ina measc campas díothaithe dhramhaíola faoi 2030 agus campas atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2040. Chomh maith lenár gcuid spriocanna féin tuigimid go rímhaith an ról ar féidir linn é a chur i gcrích maidir le hathrú a spreagadh agus a threorú, sa tslí gur féidir leis an earnáil ardoideachais ar fad a ról a chur i gcrích maidir leis an aistriú chuig todhchaí níos inbhuanaithe a spreagadh.

Ba í Straitéis Inbhuanaitheachta COC 2016 an chéad Straitéis Inbhuanaitheachta a forbraíodh do IAO de chuid na hÉireann. I 2018, ba é COC an chéad ollscoil freisin, taobh amuigh de Mheiriceá Thuaidh, ar bronnadh grádú óir STARS air ón Eagraíocht um Chur chun Cinn na hInbhuanaitheachta san Ardoideachas. Léiriú é an t-aitheantas seo ar obair ár mac léinn agus ár gcuid foirne, ach tuigimid go bhfuil cuid mhór oibre fós le déanamh. Leis an bPlean seo um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide táimid ag iarraidh ár mbealach a dhéanamh sa treo seo agus bheith ag cabhrú chun domhan a mhúnlú agus a spreagadh a chosnaíonn ár dtimpeallacht agus ár sochaí.



An tOllamh John O'Halloran, Uachtarán, COC, Comhchath. an Fhóraim Ghlais



Mark Poland, Stiúrthóir, Foirgnimh & Eastáit COC, Comhchath. an Fhóraim Ghlais

# Fís, Misean agus Spriocanna

### Fís:

Bheith mar ollscoil atá ar thús cadhnaíochta go domhanda ó thaobh tionchar inbhuanaitheachta de agus an clár oibre a spreagadh i dtreo neodrachta carbóin trínár gcuid taighde atá chun tosaigh go domhanda, léiriú ar cad is dea-chleachtas ar an gcampas ann, agus bheith ag cur oideachais ar cheannairí agus ar lucht cinnteoireachta reatha agus todhchaí.

### Misean:

- Bheith ina thionchar dearfach san iomlán san aistear i dtreo domhan inbhuanaithe a chruthú do chách.
- Chun forbairt agus cumhachtú cheannairí todhchaí i gcúrsaí inbhuanaitheachta a éascú trínár gcuid gníomhaíochtaí taighde, teagaisc agus foghlama.
- Chun saoránaigh atá gníomhach ar son na hinbhuanaitheachta a dhéanamh d´ár gcuid mac léinn, ár gcuid ball foirne agus an pobal i gcoitinne.
- Tionchair áitiúla, réigiúnacha agus domhanda comhshaoil ár gcuid oibríochtaí oideachasúla, taighde, agus coimhdeacha agus ár bhforbartha bonneagair a íoslaghdú.
- Sláinte agus leas na hOllscoile agus an phobail i gcoitinne a fheabhsú trí éascú agus trí chur chun cinn bia sláintiúil agus maireachtála sláintiúla mar dhlúthchuid de shaol inbhuanaithe.

### Ár Luachanna:

Is iad ár gcuid luachanna mar ollscoil ná comhbhá, lúfaireacht, ionracas, meas, fionnachtain, cóir, freagracht, inbhuanaitheacht. Leanfaidh ár gclár inbhuanaitheachta air de bheith "á threorú ag mic léinn, faoi thionchar taighde, agus cleachtasdhírithe". Treorófar sinn freisin ag luachanna "aistrithe chóra", ag cuimhneamh i gcónaí gur minic gurb iad na daoine is mó atá thíos le hiarmhairtí na hinbhuanaitheachta is lú a mbíonn an chumhacht agus an tionchar acu leis na córais neamhinbhuanaithe sin a athrú. Leanfaimid orainn de bheith i mbun cur chuige comhoibríoch maidir le gach rud a dhéanaimid, ag nascadh le foirne Comhionannais, Éagsúlacht agus Cuimsithe, Rannpháirtíochta Pobail agus Campais Shláintiúil na hOllscoile le bheith chun tosaigh maidir le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach do chách.

### Sprioc Straitéiseach:

Is é an príomhsprioc straitéiseach atá againn ná leanúint orainn de bheith ag leabú spriocanna inbhuanaitheachta i ngach aon ghné d´oibríochtaí oideachasúla, taighde, coimhdeacha agus forbairtí bonneagair na hOllscoile chomh maith le hidirghníomhuithe leis an bpobal.




**Fig 1. Ceangaltais Ardleibhéil**





# Cúlra, Struchtúir Agus Príomhréimsí

Tógann an plean seo ar bhuanna suntasacha na hOllscoile i dtaighde, teagasc agus cleachtas inbhuanaitheachta. Is clár é Inbhuanaitheacht Todhchaíochtaí COC a bhfuil i gceist leis beartú tosaíochta taighde agus earcú nuálach acadúil, agus le déanaí earcaíodh 27 bpost acadúil nua tríd i bpríomhréimsí inbhuanaitheachta ar fud na hinstitiúide. Tá a lán taighdeoirí atá chun tosaigh sa réimse seo lonnaithe in Institiúid Taighde Comhshaoil COC. Oibríonn an Institiúid chun eolas taighde nua a ghiniúint do thuiscint agus do chosaint ár dtimpeallachta nádúrtha, agus teicneolaíochtaí, uirlisí, seirbhísí agus eolas polasaí a fhorbairt chun claochlú a éascú chuig sochaí gan charbón, atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de agus atá inbhuanaithe.

Tá raon tairiscintí nua oideachasúla agus oiliúna do lucht tionscail agus fiontraíochta forbartha ag clár "Todhchaíochtaí Inbhuanaithe" COC (ar bronnadh €3.9M air faoi Thionscnamh Caipitil Dhaonna an ÚAO) chun an t-aistriú chuig gnólachtaí gan charbón agus atá éifeachtach ó thaobh acmhainní de a thionscnamh.

Ag an leibhéal domhanda tá Lárionad Forbartha UNEP GEMS/Toilleadh Uisce lonnaithe ag COC; bíonn sé mar aidhm aige forbairt toillte dhomhanda a sholáthar i monatóireacht agus i measúnú chaighdeán an uisce, ag tabhairt aghaidhe go díreach ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 6.3.2.

Athdhearbhaíodh tiomantas láidir COC don inbhuanaitheacht le bunú Oifige um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide laistigh d´Oifig an Uachtaráin. Leanfaidh an Oifig seo agus a cuid foirne orthu de bheith ag obair in éineacht le Stiúrthóir na bhFoirgneamh agus na nEastát, leis an bhFóram Glas, agus leis an Leasuachtarán Comhlach nuacheaptha um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide chun cinntiú go gcothabháiltear cur chuige institiúide iomláine i dtaca leis an inbhuanaitheacht. Bunaíodh freisin fochoiste Inbhuanaitheachta mar chuid d´Fhoireann Cheannasaíochta na hOllscoile. Cinnteoidh an fochoiste seo struchtúr comhtháite agus déanfaidh sé an cur chuige "institiúide iomláine" i leith na hinbhuanaitheachta a chothabháil.

### Príomhréimsí le Cur i bhFeidhm

Comhlánaíonn an plean seo ár gcuid pleananna taighde agus teagaisc agus foghlama, le tacú leis an inbhuanaitheacht trí Churaclam Ceangailte COC agus Inbhuanaitheacht Todhchaíochtaí COC. Tógann sé ar ghnéithe rathúla Straitéis Inbhuanaitheachta COC, 2016. Coinnímid 9 bpríomhréimse cur i bhfeidhm, ach tá béim curtha againn ar an nGníomhú ar son na hAeráide mar réimse téamach neamhspleách (ach crosghearrtha), mar chomhartha aitheantais ar cé chomh criticiúil is atá an ghéarchéim aeráide. Cé go gclúdaíonn saolré an phlean seo na blianta 2023-28, tugann cuid mhór d´ár gcuid spriocanna ardleibhéil aghaidh ar 2030 agus ar 2040. Beidh an plean ag iarraidh tógáil ar, agus cur ar aghaidh, na samplaí iomadúla comhoibrithe a tháinig chun cinn le scoileanna, aonaid agus eagraíochtaí mac léinn ar fud na hollscoile.




**Fig 2. Príomhréimsí Cur i bhFeidhm**


# An Plean um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

Glactar leis an nGéarchéim Aeráide anois mar dhúshlán is mó ár linne. Dar le Tuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda um Rioscaí Domhanda 2022 is iad “Teip i dtaca le Gníomhú ar son na hAeráide” agus “Adhaimsir” an chéad agus an dara riosca is mó ar scála domhanda sna 10 mbliana atá amach romhainn. Cuireann an leagan seo de Phlean Inbhuanaitheachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide COC béim mhór, mar sin de, ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus leagtar amach ann conair na hOllscoile le bheith ina champas atá neodrach ó thaobh carbóin de. Chomh maith le hoibríochtaí, beidh an Ollscoil ag iarraidh an “t-aistriú cóir” a chur ag croílár na cinnteoireachta ar fad (féach 4.2 Saoránacht Inbhuanaitheachta).

Faoi Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023, bíonn ar gach comhlacht poiblí bheith ag feidhmiú laistigh dá mbuiséad carbóin leithdháilte d´astaíochtaí GHG raon 1 & 2. Faightear an buiséad carbóin ceadaithe ó (1) an méid dícharbónaithe de sholáthar leictreach na hÉireann a bhfuiltear ag dréim leis agus (2) ó COC bheith tar éis laghdú 51% de thomhaltas teirmeach / taistil a bhaint amach, le hais bonnlíne 2016-2018. Dearbhluach a bhaineann leis an mbuiséad carbóin agus ní mór é a bhaint amach beag beann ar phleananna fáis COC, athruithe ó thaobh líon na mac léinn de agus méaduithe i ngníomhaíocht taighde. Chomh maith leis an sprioc seo, tá feachtas Race to Zero CCNAAA sínithe ag COC, ag cur de cheangal air féin bheith gan charbón faoi 2050 trasna raon astaíochtaí 1, 2 agus 3.

### Míniú ar cad is raoin loirg charbóin ann

Cuimsíonn lorg carbóin eagraíochta 3 raon astaíochta. Is é atá in astaíochtaí Raon 1 ná astaíochtaí díreacha ó fhoinsí dílse. Tagraíonn astaíochtaí Raon 2 don charbón sin a tháirgtear ón leictreachas, gal, téamh agus fuarú atá ceannaithe againn. Cuimsíonn astaíochtaí Raon 3 gach astaíocht neamhdhíreach eile laistigh d´ár slabhra breisluacha. De ghnáth bíonn sé níos deacra astaíochtaí Raon 3 a thomhas, agus is minic nach gcuirtear san áireamh iad i spriocanna laghdaithe carbóin eagraíochta




Cé go bhfuil a lán eagraíochtaí ag déanamh fógraí uaillmhianacha gan charbón, ó thaobh na praiticiúlachta de bíonn na spriocanna seo ag brath ar cheannach fritháireamh carbóin. Sa phlean seo, cuirimid ceangal orainn féin cur chuige intomhaiste agus atá bunaithe ar an eolaíocht a bheith againn maidir le bheith ag socrú spriocanna. Ní chuirfimid fritháirimh charbóin san áireamh inár gclár, chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí dosheachanta raon 3, agus sa chás go bhfuil na fritháirimh sin áitiúil, deimhnithe agus ag tacú lenár mbithéagsúlacht dhúchasach agus lenár gcuid fiontar sóisialta. Beimid ag obair chun ár gcuid astaíochtaí a laghdú trí phíblíne bheartaithe d´uasghráduithe uaillmhianacha tógála agus beimid ag obair lenár gcuid astaíochtaí raon 3 a laghdú (féach Fig. 3) trí laghdú astaíochtaí a bhaineann le hiompar agus trí bheith ag comhoibriú lenár gcuid conraitheoirí agus soláthróirí chun tacú lena gcuid spriocanna aeráide siúd (féach Príomhréimse 8: Soláthar agus Conarthaí).







**Fig 3. Miondealú lorg carbóin COC i gcatagóirí raon 1, 2 agus 3**

### Astaíochtaí raon 1 & 2

Ós rud é nach fada uainn 2030 beidh an Ollscoil ag díriú a cuid iarrachtaí freisin ar thionscadail agus ar thionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh a mbeidh de thoradh orthu tionchar suntasach maidir lenár gcuid astaíochtaí GCT a laghdú agus cur ar chumas na hOllscoile bheith ag feidhmiú laistigh dá buiséad carbóin 2030.





**Fig 4. Spriocanna laghdaithe carbóin raon 1 & 2 go 2030**

### Astaíochtaí raon 3

Thug COC faoi anailís loirg carbóin ar ár gcuid astaíochtaí ceithre huaire le deich mbliana anuas, ag cur isteach níos mó sonraí gach uair chun go mbeadh na háirimh níos cruinne agus níos láidre. Léirigh gach leagan den anailís go dtarlaíonn méid suntasach d´ár gcuid tionchair charbóin de thoradh ar ár gcuid astaíochtaí Raon 3 (féach Fig. 3). I dtaca leis na hastaíochtaí sin, is iad comaitéireacht na mac léinn agus cúrsaí tógála an chuid is suntasaí díobh, agus taisteal acadúil na mball foirne sa tríú háit.

Chun aghaidh a thabhairt ar ár gcuid astaíochtaí raon 3, ní mór roinnt fachtóirí a chur san áireamh, is é sin le rá:

- Ábharthacht na hearnála,
- Iontaofacht na sonraí,
- Ár dtionchar ar earnáil na hiarmhairte.

Agus na fachtóirí seo á gcur san áireamh, tá plean forbartha againn chun aghaidh a thabhairt ar ár n-astaíochtaí raon 3 a bhfuil i gceist leis tosaíocht a dhéanamh de thógáil lóistín do mhic léinn, agus athmheasúnú á dhéanamh ar fhorbairtí eile. Beimid ag obair freisin le gach scoil agus le gach limistéar feidhme chun bealach cóir a aimsiú chun taisteal gnó na foirne a dhíspreagadh.

# 1. Taighde



## Aidhmeanna Straitéiseacha

Chun forbairt agus cumhachtú cheannairí todhchaí i gcúrsaí inbhuanaitheachta a éascú trínár gcuid gníomhaíochtaí taighde, agus le linn dúinn sin a dhéanamh, stádas agus ceannasaíocht na hOllscoile a chothabháil agus a fheabhsú maidir le taighde faoi ábhair inbhuanaitheachta.

## Cuspóirí

- Tuiscint níos fearr a bhaint amach maidir leis an tslí ina dtéann ár gcuid taighde i bhfeidhm ar na SFI agus sin a chur in iúl ar bhealach níos forleithne.
- Tionchar dearfach ár gcuid taighde ar bhaint amach na SFI a leathnú, ag iarraidh ag an am céanna bheith ag laghdú tionchar comhshaoil ár gcuid cleachtas taighde.
- Teagmháil a dhéanamh le Comhairle Cathrach Chorca chun réimsí a aithint do chomhoibriú taighde a bhaineann lenár gcuid uaillmhianta roinnte gan charbón.
- Úsáid bhonneagar na hollscoile mar Shaotharlann Bheo don Inbhuanaitheacht a mhéadú.
- Comhoibriú agus trasdhisciplíneacht a chur chun cinn agus tacú le Todhchaíochtaí COC chun SFI a chomhtháthú i ngach réimse táscach.

## Bearta

- Múnla maoinithe inbhuanaithe a aithint do Chlár Shaotharlann Bheo Champas Glas COC, agus gairm nua á heisiúint ar bhonn bliantúil.
- Ar a laghad páipéar/caibidil leabhair acadúil amháin a fhoilsiú in aghaidh na bliana faoi Champas Glas COC chomh maith le hachoimrí agus cás-staidéir polasaí.
- Feabhas eolaíoch agus ceannasaíocht COC i dtaighde inbhuanaitheachta a threisiú agus a chur chun cinn trí Inbhuanaitheacht Todhchaíochtaí COC.
- Taighde uile COC a mhapáil chuig na SFI agus tacú le taighdeoirí le tuiscint cén áit a dtéann a gcuid oibre i bhfeidhm ar na SFI.
- Clár Saotharlann Glas a chur i bhfeidhm ar fud an champais, ar aidhm leis go mbeadh gach saotharlann á measúnú agus á deimhniú faoi 2026.
- Líon méadaithe réiteach inbhuanaithe sochaí a bhaint amach trínár dtaighde gníomhach le lucht déanta polasaí, gnólachtaí agus pobail.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** – An taighde ar fad mapáilte chuig na SFI
- **2024** – Maoiniú don tSaotharlann Bheo faighte
- **2026** – Gach saotharlann deimhnithe mar Shaotharlann Ghlas
- **2028** – Beirt mhac léinn MSc Campais Ghlais per annum





# 2. FOGHLAIM AGUS TEAGASC



## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Chun forbairt agus cumhachtú idir cheannairí reatha agus todhchaí i gcúrsaí inbhuanaitheachta a éascú
- Trínár gcuid gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Chun litearthacht inbhuanaitheachta a chothú trí dheiseanna foghlama foirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon.

## Cuspóirí

- Tacú lenár bhfoireann teagaisc chun na SFI a chomhtháthú ina gcuraclam nuair is cuí sin.
- Modh láidir a fhorbairt chun comhtháthú SFI i modúil agus i gcláir COC a thomhas agus a thuairisciú.
- Cinntiú go dtaispeántar an clár oibre inbhuanaitheachta domhanda do gach mac léinn ag COC cé acu ina n-oideachas foirmeálta nó neamhfhoirmeálta.
- Bheith ina cheannaire san aistriú chuig sochaí inbhuanaithe trí thairiscintí oideachasúla do cheannairí reatha agus todhchaí.

## Bearta

- Cúrsa Suaitheantais Dhigitigh tacar SFI a chur i bhfeidhm d´fhoireann teagaisc COC.
- Bheith ag obair le comhpháirtithe chun Tástáil Litearthachta Inbhuanaitheachta na NA a chur in oiriúint do mhic léinn Éireannacha agus í a chur i bhfeidhm ag COC.
- Bheith ag tacú leis an bpobal acadúil chun ar a laghad clár amháin idirdhisciplíneach fochéime inbhuanaitheachta a fhorbairt.
- Tairiscintí cúrsaí micridhintiúr a fhorbairt do lucht tionscail, ag tacú le bearnaí aitheanta scileanna san fhórsa saothair.
- Tacú le Clár IDR Todhchaíochtaí Inbhuanaithe le leanúint ar aghaidh de bheith ag cur COC chun tosaigh i réimse an oideachais mar thaca leis an tsochaí inbhuanaithe.
- Clár Comhaltaí OFI COC a bhunú.
- Scoil Samhraidh Inbhuanaitheachta COC a bhunú agus a óstáil i gcomhar le LCTTF agus an Oifig Taighde.
- Cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí faoi inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt do lucht déanta polasaí, gnólachtaí agus pobail.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** – Cúrsa Shuaitheantais Dhigitigh Thacar SFI
- **2024** – Clár Comhaltaí OFI COC seolta
- **2025** – Clár Inbhuanaitheachta Fochéime
- **2028** – Scoil Samhraidh bhliantúil Inbhuanaitheachta COC

# 3. Gníomhú ar son na hAeráide

## Aidhmeanna Straitéiseacha

Bheith ag feidhmiú laistigh d´ár mbuiséad carbóin atá beartaithe do 2030 agus tionchar na n-athruithe aeráide a mhaolú ar ár n-eastát, ag feidhmiú ag an am céanna mar cheannaire do ghníomhú ar son na haeráide go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag baint amach astaíochtaí le neodracht carbóin faoi 2040.

## Cuspóirí

- Sprioc an rialtais a shárú de bheith ag laghdú astaíochtaí GCT raon 1 agus 2 faoi 51% faoi 2030, ag baint amach astaíochtaí iomlána GCT le neodracht carbóin faoi 2040.
- Ár gcuid polasaithe agus infrastruchtúir bhainistithe eastáit a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú.
- Tacú le mic léinn, le baill foirne agus leis an bpobal i gcoitinne chun na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gníomhaíochtaí ar an láithreán a íoslaghdú.
- Tairbhe a bhaint as deiseanna maoinithe chun cláir laghdaithe charbóin a sheachadadh agus campas COC a bheith ag gníomhú mar Shaotharlann Bheo do réitigh i leith an athraithe aeráide.

## Bearta

- Maoiniú a aimsiú leis an gcóras téite gháis a aistriú chuig córas leictreach agus clár a chur i bhfeidhm chuige sin, agus giniúint inathnuachana ar an láithreán a leathnú.
- Leanúint ar aghaidh le caomhnú fuinnimh dea-chleachtais, iarfheistiú, tionscnaimh athraithe iompair agus cláir athsholáthair threalaimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phíblíne leithdháilte/úsáide spáis agus tionscadal caipitil chun athmheasúnú a dhéanamh ar inmharthanacht laistigh den bhuiséad carbóin.
- Leibhéal Feabhais BREEAM a bhaint amach i ngach forbairt nua agus ar a laghad ar dheimhniú "in úsáid".
- Deimhniú ISO a bhaint amach do chuntasaíocht, tuairisciú agus bainistiú carbóin.
- Bheith ag obair le scoileanna/aonaid chun córas cóir a fhorbairt do bhuiséid charbóin ar thaisteal gnó.
- Réiteach fritháirimh charbóin creidiúnaithe áitiúil a aithint chun astaíochtaí dosheachanta a fhritháireamh.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** – Measúnú riachtanas ar thionscadail chaipitil
- **2023** – Buiséid charbóin do thaisteal gnó bunaithe
- **2023** – Iachall ar gach soláthróir lorg carbóin a chur faoinár mbráid
- **2030** – Toilleadh athnuachana ar an láithreán ag 750,000 kWh per annum. Úsáid fuinnimh bhliantúil laghdaithe faoi 575,000 kWh





# 4. Saoránacht Inbhuanaitheachta

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Ár mic léinn, ár gcuid foirne agus an pobal i gcoitinne a chumhachtú, tacú leo agus dul i bhfeidhm orthu maidir leis na SFI a bhaint amach agus an tSaoránacht Inbhuanaitheachta a bhunú mar chroí-éiteas de chuid COC.
- Bheith trédhearcach, cuntasach agus ionchuimsitheach agus croí-ghné d´ár gcuid clár a dhéanamh den aistriú cóir.

## Cuspóirí

- Align UCC sustainability programme with relevant UCC strategies including Community Engagement, EDI, teaching and learning and research strategies.
- Maintain UCC's standing as Ireland's Green University and build meaningful partnerships with institutions that share our values and ethos.
- Resource the sustainability agenda in a way that is appropriate to its strategic importance and develop appropriate accountability mechanisms.
- Connect different elements of sustainability across UCC to add value and better communicate our impact.

## Bearta

- Establish and host the All-Ireland Sustainable Development Solutions Network, focused on public engagement in the SDGs.
- Deliver leadership course for UCC senior management in climate "proofing" decisions.
- Establish a "UCC Climate Leaders" award scheme.
- Offer SDG/carbon literacy training for UCC staff and students.
- Establish Green Shoots programme to engage the student body in Climate Action and Sustainability.
- Develop a coherent and transparent Sustainability reporting process that is inclusive of all stakeholders
- Publish annual UCC SDG impact report.
- Contribute to international climate policy through UCC's participation in the UNFCCC

## Príomhgharspriocanna

- **2022** – Oifig Inbhuanaitheachta COC bunaithe
- **2023** – LRFI Uile-Éireann bunaithe
- **2023** – Oiliúint faighte ag gach ball den lucht bainistíochta sinsearach maidir le ´díonadh´ aeráide
- **2027** – Baineann COC grádú platanaim STARS amach

# 5. Bia, Sláinte agus Leas

## Aidhmeanna Straitéiseacha

Sláinte agus leas na hOllscoile agus an phobail i gcoitinne a fheabhsú trí éascú agus cothú ghnéithe den itheachán agus den mhaireachtáil shláintiúil mar dhlúthchuid den mhaireachtáil inbhuanaithe.

## Cuspóirí

- Cinntiú go bhfuil teacht ag pobal iomlán an champais ar roghanna béile plandabhunaithe agus inacmhainne.
- Cinntiú go bhfaightear an bia ar fad in COC ó fhoinsí eiticiúla agus bheith ag lorg deimhnithe leithéidí Trádáil Chóir agus Saor ó Ola Pailme.
- Líon na ndeiseanna a mhéadú le haghaidh tionscnamh fáis bhia ar an gcampas, agus an campas agus an pobal i gcoitinne a spreagadh le bheith páirteach iontu.
- Tacú le tionscnamh Campas Sláintiúil COC agus bheith ag comhoibriú leis an Oifigeach Campais Shláintiúil faoi thionscadail chomhlántacha.
- Caighdeán aeir sláintiúil a chinntiú do gach ball foirne agus do gach mac léinn go hinmheánach agus go seachtrach, agus tionscnaimh chaighdeáin aeir a chothú sa phobal i gcoitinne.
- Tacú leis na baill foirne agus leis na mic léinn chun modhanna gníomhacha iompair a úsáid ina dtimaistear laethúil.

## Bearta

- Bheith ag obair le Rannpháirtíocht Phobail COC agus le carthanachtaí áitiúla chun tionscadail fáis phobail a fhorbairt ar thalamh atá faoi úinéireacht COC.
- Measúnú a dhéanamh ar lorg carbóin na roghanna bia i mbialanna COC agus scrúdú a dhéanamh ar thionchar fhógairt an loirg seo ar thosaíochtaí na dtomhaltóirí.
- Clár ´na bPéacán Glas´ a fhorbairt a chuireann chun cinn rannpháirtíocht le spás glas an champais i measc na mac léinn.
- Bheith ag obair le KSG chun bialann veigeánach a bhunú sa mhionbhialann.
- Polasaí gan a bheith ar réchasadh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do charranna agus do leoraithe seachadta ar an gcampas.
- Bheith ag tacú leis an taisteal gníomhach trí sholáthar níos fearr stórála rothaíochta agus áiseanna feistis.
- Tacú le cur i bhfeidhm Chairt an Champais Shláintiúil.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** — Clár na ´bPéacán Glas´ bunaithe
- **2024** — Lorg carbóin bhéilte COC curtha i gcrích
- **2026** — Tionscadail atá ailínithe leis an gCampas Glas agus leis an gCampas Sláintiúil
- **2027** — Gairdín Pobail COC céim 2



# 6. Tírdhreach, Oidhreacht agus Acmhainní Nádúrtha

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- An Céimlathas Maolaithe agus Caomhnaithe "Staon, Laghdaigh, Athneartaigh, Athnuaigh" a chur i bhfeidhm inár gcuid gníomhaíochtaí oibríochtúla ar fad.
- Rannpháirtíocht a chur chun cinn le spás glas an champais i measc phobal an champais agus an phobail áitiúil.

## Cuspóirí

- Tosaíocht a dhéanamh de chosaint spás glas an champais de réir Mháistirphlean Champas COC agus athchóiriú a chur chun cinn nuair is féidir.
- Comhtháthú agus ceangal níos fearr na spásanna glasa a chur chun cinn ar fud champas COC agus a thimpeallachta.
- Úsáid ár gcuid acmhainní nádúrtha a chothú
- agus a fheabhsú i dteagasc, i bhfoghlaim & i dtaighde faoin inbhuanaitheacht chomh maith le húsáid agus fóillíocht laethúil.
- Rochtain shóisialta agus fhisiciúil ar an spás glas a chothú agus a éascú, agus feasacht a spreagadh faoi na luachanna gaolmhara éiceachórais, bithéagsúlachta, oidhreachta, sóisialta agus sláinte.
- Leanúint ar aghaidh leis an dea-chleachtas reatha maidir le measúnú agus bainistiú spásanna glasa an champais agus na limistéir sin a leathnú a bhainistítear don bhithéagsúlacht nuair is féidir sin.

## Bearta

- Clár a fhorbairt le Comhairle Cathrach Chorcaí a dhéanfadh measúnú ar úsáid spáis ghlais agus a chuirfeadh chun cinn tionscnaimh limistéar fiáin, spáis ghlais agus fáis bhia.
- Bonneagar glas agus prionsabail bhithfhileacha deartha a chorprú i bhfoirgnimh nua agus i móraisfheistithe.
- Polasaí ballaí/díonta glasa a fhorbairt.
- Measúnú a dhéanamh maidir le deiseanna áitiúla spásana nua buana glasa a fhorbairt nó a athghiniúint do stóráil charbóin agus measúnú a dhéanamh ar phoitéinseal fritháirimh.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shiúlbhealaigh agus ar ghlasbhealaigh campais chun rochtaineacht ár spáis ghlais a chinntiú.
- ISO 46001 a chur i bhfeidhm le haghaidh éifeachtúlachta uisce.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** — Conair Bhithéagsúlachta COC céim 1 críochnaithe
- **2023** — Díonta/polasaithe glasa i bhfeidhm
- **2025** — Scéim áitiúil fritháirimh charbóin i bhfeidhm.

# 7. Laghdú Dramhaíola agus Geilleagar Ciorclach

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Na tionchair chomhshaoil áitiúla, réigiúnacha agus domhanda a íoslaghdú maidir lenár gcuid taighde
- Oideachasúil, oibríochtaí agus forbartha bonneagair. Athúsáid a bheith mar chéad rogha againn agus cur chuige geilleagair chiorclaigh a chur chun cinn i gcónaí.

## Cuspóirí

- Bheith saor ó phlaisteach aonúsáide ar fud na n-oibríochtaí lónadóireachta agus bheith ag obair leis an bpobal i gcoitinne chun tomhaltas plaisteach a íoslaghdú i saotharlanna.
- Athúsáid a bheith mar chéad rogha againn, geilleagar roinnte a chur chun cinn ar fud an champais agus isteach sa phobal.
- Cur chuige costais saolré iomláin a chinntiú mar chuid de phróisis tairisceana agus de cheannacháin laethúla ar fud COC.
- Triail a bhaint as cineálacha nuálacha cur chuige chun dramhail a laghdú agus a athúsáid i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Tuiscint níos fearr a fháil maidir leis na cineálacha dramhaíola a ghintear ar fud na rannóg agus straitéisí a fhorbairt d´athúsáid na n-ábhar seo.
- Dea-chleachtas a chinntiú i mbainistiú dramhaíola tógála.

## Bearta

- Córas oifige gan bhoscaí bruscair a chur i bhfeidhm i ngach foirgneamh ar an gcampas.
- Measúnú iomlán a chur i gcrích maidir le dramhail saotharlainne agus clár na Saotharlann Glas a chur i bhfeidhm.
- Bheith ag obair le hOifig Soláthair COC le bheith páirteach in éineacht le soláthróirí i laghdú dramhaíola agus cur chuige saolré a bheith againn i dtaca le gach gníomhaíocht.
- Bheith ag comhoibriú le Seirbhísí TF COC chun athúsáid éifeachtach agus deisiú trealaimh TF a chur chun cinn.
- Córas Warp-It (nó rud atá cosúil leis) a bhunú chun athúsáid míreanna agus tomhaltáin oifige a chur chun cinn.
- Feachtais "Ag Bogadh Isteach agus Amach" a bhunú le lucht lóistín an champais chun athúsáid míreanna tí a chur chun cinn.
- Caighdeán ISO 14001 a chur i bhfeidhm do Bhainistiú Comhshaoil.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** — Seoladh feachtais Ag Bogadh Isteach agus Amach
- **2023** — Gach ionad lónadóireachta saor ó SUP
- **2025** — Tá gach foirgneamh saor ó bhoscaí bruscair
- **2030** — Is campas Gan Dramhaíl é COC





# 8. Soláthar agus Conarthaí

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Tionchair chomhshaoil áitiúla, réigiúnacha agus domhanda a íoslaghdú maidir lenár bhforbairt oideachasúil, taighde, oibríochtaí agus bonneagair.
- Ceannasaíocht a chothú agus a sholáthar maidir le soláthar glas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Cuspóirí

- Bheith ag obair lenár gcuid soláthróirí chun tionchar comhshaoil ár gcuid ceannachán a thuiscint agus bhainistiú níos fearr agus tacú leo chun a gcuid clár inbhuanaitheachta féin a fhorbairt.
- Cinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna ábhartha ag gach ball foirne de chuid COC a cheannaíonn earraí ar son na hOllscoile chun na roghanna is "glaise" a dhéanamh.
- Leanúint orainn de bheith ag feidhmiú mar ghuth don inbhuanaitheacht agus muid ag glacadh páirte i gcuibhreannais mhóra sholáthair.
- Soláthar glas a chur chun cinn, measúnú níos fearr a dhéanamh ar a thionchar, agus ár ndea-chleachtas a chur in iúl go héifeachtach agus ar bhonn níos leithne.
- Cinntigh go bhfuil punann infheistíochta COC ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde CSR.

## Bearta

- Stór lárnach a bhunú laistigh de COC do mhíreanna intomhalta arbh fhéidir iad a athúsáid.
- Meicníocht tuairiscithe chuí agus éifeachtaigh a bhunú chun tomhas agus cumarsáid níos fearr a cheadú maidir le soláthar glas in COC.
- Bheith ag obair le conraitheoirí ábhartha tríú páirtí chun campas a dhéanamh de COC atá ina champas Trádála Córa agus saor ó Ola Pailme.
- Tabhairt faoi mheasúnú riachtanas d´fhoireann oifige soláthair COC agus cláir oiliúna ábhartha a chur i bhfeidhm.
- Oiliúint soláthair ghlais a fhorbairt do gach soláthróir ar fud na hOllscoile.
- Éileamh go mbeadh deimhniú comhshaoil ag gach conraitheoir a fuair tairiscint agus roghnú soláthróirí a bhfuil an deimhniú sin acu a spreagadh i gcleachtais ceannacháin an champais ar fad.

## Príomhgharspriocanna

- **2023** — Meicníocht tuairiscithe bunaithe
- **2024** — Stór lárnach athúsáide bunaithe
- **2025** — Oiliúint tairiscithe do gach ceannaitheoir COC
- **2028** — Deimhniú ag gach conraitheoir

# 9. Comaitéireacht agus Taisteal Gníomhach

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Úsáid mhodhanna níos inbhuanaithe chomaitéireachta a chur chun cinn i measc ár gcuid foirne agus ár mac léinn.
- Tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuirtear i láth air ag polasaí oibre cumaisc COC, chun ár gcuid astaíochtaí iompair a laghdú.

## Cuspóirí

- Líon na mball foirne agus na mac léinn a laghdú a bhíonn i mbun comaitéireachta chuig an gcampas le turasanna aonair chairr.
- Méid na n-astaíochtaí iomlána carbóin a laghdú a bhaineann le comaitéireacht na mball foirne agus na mac léinn chuig COC.
- Anailís a dhéanamh ar thionchar polasaí phíolótaigh oibre cumaisc COC ar astaíochtaí comaitéireachta na foirne.
- Tacú le baill foirne agus le mic léinn agus iad ag roghnú roghanna iompair níos inbhuanaithe trí bheith ag soláthar na ndreasachtaí cearta agus na bhfeabhsúchán bonneagair.
- Cinntiú go bhfuil gach feithicil a úsáidtear in oibríochtaí campais saor ó charbón.

## Bearta

- Tabhairt faoi anailís níos mionsonraithe ar thurasanna aonair chairr chuig COC agus ionaid tíreolaíochta a chinneadh ina bhfuil an tionchar is airde ar astaíochtaí comaitéireachta le sonrú.
- Measúnú a dhéanamh maidir leis an bpoitéinseal atá ag baint le moil áitiúla le bheith ag tacú le hobair chumaisc agus astaíochtaí comaitéireachta a laghdú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar agus beartú tosaíochta a dhéanamh de sholáthar lóistín do mhic léinn agus é i gceist riachtanas na mac léinn a laghdú de bheith ag comaitéireacht chuig an gcampas gach lá.
- Soláthar na páirceála sábháilte do rothair agus áiseanna cithfholctha mhéadú i ngach foirgneamh / limistéar campais.
- Leanúint orainn de bheith ag obair le hinstitiúidí comhpháirtíochta agus leis an gcomhairle cathrach chun soláthar bonneagair níos fearr rothaíochta agus iompair phoiblí a spreagadh.
- Cinntiú go scrúdaíonn leaganacha todhchaí an Phlean Chomaitéireachta na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le deighilt mhódúil.
- Bheith ag obair i dtreo príomhchampais gan charranna.

## Príomhgharspriocanna

**2023** — Anailís ar phatrúin chomaitéireachta agus ar obair chumaisc

**2025** — Dóthain stórála do rothair agus áiseanna cithfholctha a bheith ar fáil ar fud an champais

**2028** — Baineann COC laghdú 35% amach maidir le hastaíochtaí comaitéireachta.





# Monatóireacht agus Tuairisciú



Sannadh ´úinéir´ ar gach beart atá mar chuid den phlean seo, úinéir atá freagrach as é a chur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh air. Beidh freagracht fhoriomlán ag an Oifig nuabhunaithe um Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide as bheith ag tuairisciú na dtorthaí gaolmhara agus á gcur in iúl. Aithníodh bearta áirithe mar chinn a éileoidh bunú grúpa gníomhaíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt spriocanna agus seachadadh rathúil a chinntiú. Bunófar na grúpaí gníomhaíochta seo gan mhoill. Leanfaidh COC air de bheith ag táirgeadh Tuarascálacha Inbhuanaitheachta ina ndéantar cur síos ar an dul chun cinn déanta le hais gach birt agus sprice atá mar chuid den phlean seo. Tuairiscíonn COC do rialtas na hÉireann faoina dhul chun cinn maidir le spriocanna laghdaithe carbóin an chomhlachta phoiblí. Ina theannta sin leanfaimid orainn de bheith ag tuairisciú do na creidiúnuithe/gráduithe deonacha inbhuanaitheachta seo a leanas:

- Campas Glas Éire
- STARS
- Grádú Tionchair Times Higher Education
- Prionsabail na hInfheistíochta Freagraí
- Méadrach Glas UI
- Comhaontú SFI EAUC
- Rás chuig Nialas CCNAAA
- ISO 50001

Bunaíodh foghrúpa d´Fhoireann Cheannasaíochta na hOllscoile chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise seo agus leabú foriomlán na hinbhuanaitheachta ar fud COC. Leanfaidh Coiste an Champais Ghlais agus an Fóram Glas orthu de bheith ag feidhmiú mar spásanna oscailte do bhaill foirne agus do mhic léinn laistigh de COC chun tionscadail agus tionscnaimh a spreagadh do phobal ar fad COC atá nuálach agus a théann go mór i bhfeidhm ar an bpobal.to drive innovative and impactful projects and initiatives for the entire UCC community.



# AN PLEAN UM INBHUANAITHEACHT & GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE




Do cheist ar bith faoin bplean seo nó faoi aon eilimint de chlár Inbhuanaitheachta COC, déan teagmháil leis an: Dr Maria Kirrane, Ceannasaí Inbhuanaitheachta & Gníomhaithe ar son na hAeráide, An Oifig um Inbhuanaitheacht & Gníomhú ar son na Aeráide,Oifig an Uachtaráin, COC **m.kirrane@ucc.ie**

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

CAMPAS **GLAS** COC